# Rannta – Pacáiste 4

Comhar Naíonraí na Gaeltachta


Seasaigí Suas 1




Páiste Beag 2



Tá Mo Lámha Fuar 3



Tá an tEarrach Linn 4



Thíos Ag An Trá 5




Beidh Ríl Againn 6




Is Féidir Linn 7



Dathanna 8



Bád Beag is Bád Mór 9




Tá Duine Ag An Doras 10



Clódóirí CL Print - 091-506597

# Seasaigí Suas



Seasaigí suas is suígí síos,
Seasaigí suas arís.
Lámha suas is lámha síos,
Is lámha ar gach taobh.

Lámha amach is lámha isteach
Is lámha amach arís.
Lámha suas is lámha síos
Is lámha ar gach taobh.



Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Páiste Beag

Is páiste beag mise,
Ag bualadh bos;



Is maith liom súgradh,
Is maith liom sos.



Bím im' sheasamh,
Bím im' shuí;



Nuair a théim a chodladh,
Bím im' luí.



# Tá Mo Lámha Fuar



Tá mo lámha fuar,
Tá mo lámha fuar;
Hé, Hó, mo Dhaidí ó,
Tá mo lámha fuar.



Tá mo lámha te,
Tá mo lámha te;
Hé, Hó, mo Dhaidí ó,
Tá mo lámha te



Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Tá an tEarrach Linn


Tá an t-earrach linn,
Tá an t-earrach linn;
Hé Hó mo mhamaí ó,
Tá an t-earrach linn.





Tá lao beag ag an mbó,
Tá lao beag ag an mbó;
Hé Hó mo mhamaí ó,
Tá lao beag ag an mbó.




Tá banbh ag an muc,
Tá banbh ag an muc;
Hé Hó mo mhamaí ó,
Tá banbh ag an muc.



Tá uainín ag an gcaora,
Tá uainín ag an gcaora;
Hé Hó mo mhamaí ó,
Tá uainín ag an gcaora.



Tá sicín ag an gcearc,
Tá sicín ag an gcearc;
Hé Hó mo mhamaí ó,
tá sicín ag an gcearc.



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

# Thíos Ag An Trá

Fuair mise sliogáin thíos ar an trá,
Thíos ar an trá, thíos ar an trá;
Fuair mise sliogáin thíos ar an trá,
La, La, La, La, La.

Fuair mise clocha thíos ar an trá,
Thíos ar an trá, thíos ar an trá;
Fuair mise clocha thíos ar an trá,
La, La, La, La, La.

Fuair mise feamainn thíos ar an trá,
Thíos ar an trá, thíos ar an trá;
Fuair mise feamainn thíos ar an trá,
La, La, La, La, La.

Fuair mise gaineamh thíos ar an trá,
Thíos ar an trá, thíos ar an trá;
Fuair mise gaineamh thíos ar an trá,
La, La, La, La, La.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Beidh Ríl Againn

Ó, beidh ríl againn, beidh ríl againn,
Beidh ríl againn Dé Domhnaigh;
Beidh ríl againn ar thaobh an chnoic
Is an cailín deas á foghlaim.

Táimse i ngrá le cailín deas,
Táimse i ngrá gan dabht léi;
Táimse i ngrá le cailín deas,
Is pósfad í Dé Domhnaigh.



Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Is Féidir Linn

Is féidir linn, is féidir linn,
Is féidir linn le chéile;
Is féidir linn, is féidir linn,
Is beidh aililiú le chéile.

***Curfá***
*Agus aililiú, 'gus aililiú, 'gus aililiú le chéile;*
*'gus aililiú, 'gus aililiú, 'gus aililiú le chéile.*

Ó d'éirigh linn, is d'éirigh linn;
d'éirigh linn le chéile;
Ó d'éirigh linn, is d'éirigh linn,
Is tá aililiú le chéile.




Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

# Dathanna

Tá Tarracóir glas ag Cóilín,
E, I, E, I, O;
Tá Tarracóir glas ag Cóilín,
E, I, E, I, O.


Tá Bainteoir buí ag Noleen,
E, I, E, I, O;
Tá Bainteoir buí ag Noleen,
E, I, E, I, O.





Tá carr mór bán ag Pauline,
E, I, E, I, O;
Tá carr mór bán ag Pauline,
E, I, E, I, O.

Tá leoraí gorm ag ….
duine de na páistí sa seomra….





Tá Caitín Donn ag …,
E, I, E, I, O.




Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Bád Beag Is Bád Mór

Bád beag is bád mór,
Bád beag is bád mór;
Bád beag is bád mór
Ag mo stóirín beag beag;

Bád beag is bád mór,
Bád beag is bád mór,
Bád beag is bád mór
Ag mo stóirín beag beag.





# Tá Duine Ag An Doras Bing Bong

Tá duine ag an doras, bing bong, bing bong
Tá duine ag an doras bing bong.
Cé atá ansin ar maidin go moch?
Is mise atá ann, arsa fear an phoist;
Bing bong, bing bong.





Comhar Naíonraí na Gaeltachta